Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7148/25**

**FIN 311**
**INST 69**
**PE-L 12**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh 1-DEC/2025 laistigh de Roinn IV - Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh - de bhuiséad ginearálta 2025<br>– *Ceadú*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 3 Márta 2025, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. 1-DEC/2025, i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 49 den Rialachán Airgeadais[1].

2. Is é is cuspóir don togra seo méid EUR 1 878 000 a aistriú ó Chaibidil 10 0 (*Leithreasuithe sealadacha*) go Mír 1 2 0 0 (*Luach saothair agus liúntais*) agus méid EUR 623 000 a aistriú go Mír 4 0 0 (*Foireann eile agus seirbhísí seachtracha*).

   An 6 Feabhra 2025, ghlac CBAE cinneadh lena mbunaítear an Liúntas tithíochta do chatagóirí áirithe dá baill foirne a bhfuil cónaí orthu i Lucsamburg, bunaithe ar an tsamhail choiteann do gach institiúid atá bunaithe i Lucsamburg. Dá bhrí sin, molann CBAE na línte thuasluaite a mhéadú chun íocaíocht an liúntais tithíochta sin a chumhdach, amhail íocaíocht a d'fhormhuinigh an t-údarás buiséadach i mbuiséad an Aontais do 2025.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Márta 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, d'aontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

– an t-aistriú leithreasuithe atá beartaithe;

– an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A dhuine uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. 1-DEC/2025 laistigh de Roinn IV – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – de bhuiséad ginearálta 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).